3. Leis an gcúnamh airgeadais don ghníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe (j) de mhír 1, cumhdófar na costais uile atá riachtanach chun a áirithiú gur féidir acmhainneachtaí rescEU a chur ar fáil agus a imscaradh faoin Sásra Aontais i gcomhréir leis an dara fómhír den mhír seo. Leagfar amach in Iarscríbhinn Ia, catagóirí na gcostas incháilithe is gá chun a áirithiú gur féidir acmhainneachtaí rescEU a chur ar fáil agus a imscaradh.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun Iarscríbhinn Ia a leasú maidir le catagóirí na gcostas incháilithe.

3a. Féadfar an cúnamh airgeadais dá dtagraítear san Airteagal seo a chur chun feidhme trí chláir oibre ilbhliantúla. I gcás gníomhaíochtaí a mhaireann níos faide ná bliain amháin, féadfar na leithreasuithe buiséadacha a mhiondealú i dtráthchodanna bliantúla.

**▼ M2**

5. Féadfaidh costais aonaid, cnapshuimeanna nó cothromrátaí, arna gcinneadh de réir catagóire nó cineáil acmhainneachta, a bheith sna costais dá dtagraítear i mír 3, de réir mar is iomchuí.

**▼ B***Article 22***Eligible response actions**

The following response actions shall be eligible for financial assistance:

(a) dispatching expert teams referred to in Article 17(1) together with logistical support and dispatching experts referred to in points (d) and (e) of Article 8;

**▼ M3**

(b) i gcás tubaiste, cuidiú leis na Ballstáit rochtain a fháil ar threalamh agus ar acmhainní iompair agus lóistíochta mar a shonraítear in Airteagal 23; agus

**▼ B**

(c) pursuant to a request for assistance, taking additional necessary supporting and complementary action in order to facilitate the coordination of response in the most effective way.

**▼ M3***Airteagal 23***Gníomhaíochtaí incháilithe a bhaineann le trealamh agus le hoibríochtaí**

1. Beidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe le haghaidh cúnamh airgeadais chun rochtain ar threalamh agus ar acmhainní iompair agus lóistíochta a cheadú faoin Sásra Aontais:

▼ **M3**

- (a) faisnéis a sholáthar agus a chomhroinnt maidir le trealamh agus acmhainní iompair agus lóistíochta ar féidir leis na Ballstáit a chinneadh iad a chur ar fáil, d'fhonn comhthiomsú an trealaimh nó na n-acmhainní iompair agus lóistíochta sin a éascú;
- (b) cabhrú leis na Ballstáit acmhainní iompair agus lóistíochta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear an margadh tráchtála, a shaináithint, agus a rochtain ar acmhainní den sórt sin a éascú;
- (c) cabhrú leis na Ballstáit trealamh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear an margadh tráchtála, a shaináithint;
- (d) acmhainní iompair agus lóistíochta atá riachtanach chun mearfhreagairt do thubaistí, a mhaoiniú. Ní bheidh na gníomhaíochtaí sin incháilithe le haghaidh tacaíocht airgeadais ach amháin má bhíonn na critéir seo a leanas á gcomhlíonadh:
  - (i) tá iarraidh ar chúnamh déanta faoin Sásra Aontais i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16;
  - (ii) tá na hacmhainní iompair agus lóistíochta breise riachtanach chun éifeachtacht na freagartha do thubaistí faoin Sásra Aontais a áirithiú;
  - (iii) comhfhreagraíonn an cúnamh do na riachtanais atá sainaitheanta ag ERCC agus tá sé á chur ar fáil i gcomhréir leis na moltaí atá déanta ag ERCC maidir leis na sonraíochtaí teicniúla, leis an gcáilíocht, leis an uainiú agus leis na módúlachtaí chun é a chur ar fáil;
  - (iv) tá glactha ag an tír iarrthach leis an gcúnamh, go díreach nó trí na Náisiúin Aontaithe nó a ngníomhaireachtaí, nó eagraíocht idirnáisiúnta ábhartha, faoin Sásra Aontais; agus
  - (v) comhlánaíonn an cúnamh, le haghaidh tubaistí i dtríú tíortha, aon fhreagairt dhaonnúil fhoriomlán ón Aontas.

1a. Ní bheidh méid an chúnamh airgeadais ón Aontas i gcomhair iompar na n-acmhainneachtaí nach bhfuil geallta don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta roimh ré ná nó nach bhfuil imscartha i gcás tubaiste nó i gcás tubaiste atá ar tí tarlú san Aontas nó lasmuigh den Aontas agus i gcomhair aon tacaíocht iompair eile is gá chun freagairt do thubaiste, os cionn 75 % den chostas iomlán incháilithe.

2. Ní bheidh méid an chúnamh airgeadais ón Aontas i gcomhair acmhainneachtaí atá réamhgheallta don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta os cionn 75 % de na costais a bhaineann leis na hacmhainneachtaí a oibriú, lena n-áirítear iompar, i gcás tubaiste nó i gcás tubaiste atá ar tí tarlú laistigh den Aontas nó lasmuigh de.

4. Féadfaidh cúnamh airgeadais ón Aontas i gcomhair acmhainní iompair agus lóistíochta 100 % de na costais incháilithe iomlána ar a mhéad a chumhdach, a shainítear i bpointí (a) go (d), i gcás inar gá sin le go mbeidh comhthiomsú an chúnamh éifeachtach ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de agus i gcás ina mbainfidh na costais le ceann de na nithe seo a leanas:

▼ M3

- (a) acmhainneacht trádstórais ar chíos gearrthéarmach chun an cúnamh ó na Ballstáit a stóráil ar bhonn sealadach d'fhonn an t-iompar comhordaithe a éascú;
- (b) iompar ón mBallstát a bhfuil an cúnamh á thairiscint aige don Bhallstát a dhéanann an t-iompar comhordaithe a éascú;
- (c) cúnamh na mBallstát a athphacáistiú chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as na hacmhainneachtaí iompair atá ar fáil nó chun riachtanais shonracha oibríochtúla a chomhlíonadh; nó
- (d) iompar áitiúil, idirthuras agus trádstórais den chúnamh comhthiomsaithe d'fhonn soláthar comhordaithe ag an gceann scríbe sa tír iarrthach a áirithiú.

4a. I gcás ina mbainfear feidhm as acmhainneachtaí rescEU chun críocha náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12(5), is é an Ballstát a bhfuil na hacmhainneachtaí á n-úsáid aige a chumhdóidh na costais uile, lena n-áirítear costais chothabhála agus deisiúcháin.

4b. I gcás acmhainneachtaí rescEU a imscaradh faoin Sásra Aontais, cumhdófar 75 % de na costais oibríochtúla le cúnamh airgeadais ón Aontas.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cumhdófar, le cúnamh airgeadais ón Aontas, 100 % de chostais oibríochtúla acmhainneachtaí rescEU atá riachtanach do thubaisí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór i gcás ina n-imscarfar na hacmhainneachtaí sin faoin Sásra Aontais.

4c. I gcás acmhainneachtaí a imscaradh lasmuigh den Aontas, mar a thagraítear dó in Airteagal 12(10), cumhdófar 100 % de na costais oibríochtúla, le cúnamh airgeadais ón Aontas.

4d. I gcás nach gcumhdófar 100 % de na costais leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas dá dtagraítear san Airteagal seo, is ar an té a d'iarr an cúnamh a sheasfaidh an méid de na costais a bheidh fágtha, mura gcomhaontófar a mhalairt leis an mBallstát a bhfuil cúnamh á thairiscint aige nó an Ballstát a bhfuil acmhainneachtaí rescEU á n-óstáil aige.

4e. I dtaca le himscaradh acmhainneachtaí rescEU, féadfaidh sé go gcumhdófar le cúnamh airgeadais ón Aontas 100 % de na costais dhíreacha uile is gá chun críche iompar lastais, modhanna agus seirbhísí lóistíochta, laistigh den Aontas, agus isteach san Aontas ó thriú tíortha.

5. I gcás comhthiomsú oibríochtaí iompair a bhfuil roinnt Ballstát páirteach ann, féadfaidh Ballstát ceannaireacht a thabhairt maidir le tacaíocht airgeadais ón Aontas a iarraidh don oibríocht iomlán.

6. Nuair a iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún conradh a dhéanamh maidir le seirbhísí iompair, iarrfaidh an Coimisiún aisiocaíocht na gcostas i bpáirt de réir na rátaí cistithe a leagtar amach i míreanna 1a, 2 agus 4.

**▼ M3**

6a. Gan dochar do mhíreanna 1a agus 2, maidir le tacaíocht airgeadais ón Aontas le haghaidh iompar an chúnaimh a theastaíonn i dtubaistí comhshaoil ina bhfuil feidhm ag “an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as”, féadfaidh sé go gcumhdófar uasmhéid 100 % de na costais incháilithe iomlána leis an tacaíocht airgeadais sin. Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

- (a) is é an Ballstát atá buailte nó an Ballstát cuiditheach a iarrann tacaíocht airgeadais Aontais le hiompar an chúnaimh, bunaithe ar mheasúnú riachtanas a bhfuil bonn cirt cuí leo;
- (b) tógann an Ballstát atá buailte nó an Ballstát cuiditheach na céimeanna uile is gá, de réir mar is iomchuí, chun cúiteamh a éileamh agus a fháil ó údar an truaillithe, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla uile idirnáisiúnta is infheidhme, le forálacha dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme agus leis na forálacha dlíthiúla náisiúnta uile is infheidhme;
- (c) tar éis dó cúiteamh a fháil ón truaillitheoir, aisíocfaidh an Ballstát atá buailte nó an Ballstát cuiditheach an tAontas láithreach, de réir mar is iomchuí.

I gcás tubaiste comhshaoil amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír nach ndéanfaidh difear do Bhallstát, is é an Ballstát cuiditheach a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

7. Beidh na costais seo a leanas incháilithe le haghaidh cúnaimh airgeadais ón Aontas le haghaidh acmhainní iompair agus lóistíochta faoin Airteagal seo: gach costas a bhaineann le gluaiseacht acmhainní iompair agus lóistíochta, lena n-áirítear costais gach seirbhíse, táillí, costais lóistíochta agus láimhseála, costais bhreosla agus costais chóiríochta a d’fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le costais indíreacha eile amhail cánacha, dleachtanna i gcoitinne agus costais iompair.

8. Féadfaidh costais aonaid, cnapshuimeanna nó cothromrátaí, de réir na catagóire costais, a bheith sna costais iompair.

**▼ B***Article 24***Beneficiaries**

Grants awarded under this Decision may be awarded to legal persons, whether governed by private or public law.

**▼ M3***Airteagal 25***Cineálacha idirghabhála airgeadais agus nósanna imeachta cur chun feidhme**

1. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais ón Aontas chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

2. Déanfaidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais an Aontais a chur chun feidhme i mbainistiú díreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó, i gcás ina bhfuil údar cuí leis mar thoradh ar nádúr agus ábhar na gníomhaíochta lena mbaineann i mbainistiú indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c)(ii), (iv), (v) agus (vi) d’Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.



**▼ M3**

3. Féadfaidh tacaíocht airgeadais faoin gCinneadh seo a bheith in aon fhoirm díobh siúd a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe i bhfoirm deontas, soláthair nó ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais.

4. I gcomhréir le pointe (a) den dara fohír d’Airteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, agus aird á tabhairt go mbeidh moill ar theacht i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2021/836 <sup>(1)</sup> agus d’fhonn leanúnachas a áirithiú, i gcásanna cuí-réasúnaithe amháin agus a shonraítear sa chinneadh maoiniúcháin agus ar feadh tréimhse theoranta, féadfar a mheas gurb incháilithe ón 1 Eanáir 2021 costais a tabhaíodh i ndáil le gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin gCinneadh seo, fiú más rud é gur tabhaíodh na costais sin sular tíolacadh an t-iarratas ar dheontas.

5. Chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2). Leagfar amach sna cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla na cuspóirí arna saothrú, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, an modh cur chun feidhme agus an tsuim iomlán. Cuimseofar iontu freisin tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú, léiriú ar an méid a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht agus tráthchlár cur chun feidhme táscach. I dtaca leis an gcúnamh airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tabharfar tuairisc sna cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe do na tíortha dá dtagraítear iontu.

Ní bheidh gá le cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla ar bith le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoin bhfreagairt do thubaistí a leagtar síos i gCaibidil IV, nach féidir foráil a dhéanamh ina leith roimh ré.

6. Chun críocha trédhearcachta agus intuarthachta, déanfar an forheidhmiú buiséadach agus leithdháiltí tuartha amach anseo a thíolacadh agus a phlé ar bhonn bliantúil sa choiste dá dtagraítear in Airteagal 33. Coinneofar Parlaimint na hEorpa ar an eolas.

7. Sa bhreis ar Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais, tabharfar anonn go huathoibríoch na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana airgeadais inar cuireadh sa bhuiséad bliantúil iad agus féadfar iad a ghealladh agus a íoc go dtí an 31 Nollaig den bhliain dár gcionn. Ní úsáidfeadh na leithreasuithe a tugadh anonn ach amháin le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha. Is iad na leithreasuithe a tugadh anonn na leithreasuithe is túisce a úsáidfeadh sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

**▼ B***Article 26***Complementarity and consistency of Union action****▼ M2**

1. Gníomhaíochtaí a fhaigheann cúnamh airgeadais faoin gCinneadh seo, ní bhfaighidh siad cúnamh ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2021/836 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sársa Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 185, 26.5.2021, lch. 1).

**▼ M2**

Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 191(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 <sup>(1)</sup>, áfach, ní chuirfidh cúnamh airgeadais arna dheonú de bhun Airteagal 21, Airteagal 22 agus Airteagal 23 den Chinneadh seo cosc ar mhaoiniú ó ionstraimí eile de chuid an Aontais i gcomhréir leis na coinníollacha arna mbunú sa Chinneadh seo.

Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfaidh iarrthóirí ar chúnamh airgeadais faoin gCinneadh seo agus na tairbhíthe a fhaigheann an cúnamh sin faisnéis a sholáthar dó faoi chúnamh airgeadais arna fháil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear buiséad ginearálta an Aontais, agus faoi iarratais leanúnacha ar chúnamh den sórt sin.

2. Déanfar sineirgí, comhlántacht agus comhordú breise a fhorbairt le hionstraimí eile de chuid an Aontais amhail ionstraimí lena dtacaítear le beartais a bhaineann le comhtháthú, le forbairt tuaithe, le taighde, leis an tsláinte, le himirce agus leis an tslándáil, chomh maith le Ciste Dlúth-pháirtíochta an Aontais Eorpaigh. I gcás freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla i dtrú tíortha, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gCinneadh seo comhlántach agus comhleanúnach leis na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1257/96, agus go gcuirfear na gníomhaíochtaí sin chun feidhme i gcomhréir leis an gComhdhearcaidh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil.

**▼ B**

3. When assistance under the Union Mechanism contributes to a Union humanitarian response, particularly in complex emergencies, actions receiving financial assistance under this Decision shall be based on identified needs and shall be consistent with the humanitarian principles as well as the principles on the use of civil protection and military resources as set out in the European Consensus on Humanitarian Aid.

**▼ M3***Airteagal 27***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Sásra Aontais trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta nó ar bhonn aon ionstraimé dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**▼ M3**

I gcás OLAF, áireofar ar na cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

**▼ B**

CHAPTER VI  
GENERAL PROVISIONS

*Article 28***Third countries and international organisations****▼ M2**

1. Féadfaidh siad seo a leanas a bheith rannpháirteach sa Sásra Aontais:

- (a) tíortha de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gComhaontú LEE, agus tíortha Eorpacha eile i gcás ina bhforáiltear don mhéid sin i gcomhaontuithe agus nósanna imeachta;
- (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha, i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár an Aontais arna mbunú sna Comhaontuithe Réime faoi seach agus sna Cinní ón gComhairle Comhlachais faoi seach, nó i gcomhaontuithe comhchosúla eile.

1a. Áireofar le rannpháirtíocht sa Sásra Aontais rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an tSásra, i gcomhréir leis na cuspóirí, na ceanglais, na critéir, na nósanna imeachta agus na spriocdhátaí dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, agus beidh an rannpháirtíocht sin i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna comhaontuithe idir an tAontas agus an stát rannpháirteach.

**▼ B**

2. Financial assistance referred to in Article 20 and points (a), (b), (f) and (h) of Article 21(1) may also be granted to candidate countries and potential candidates not participating in the Union Mechanism, as well as to countries that are part of the ENP, to the extent that that financial assistance complements funding available under a future Union legislative act relating to the establishment of the Instrument for Pre-Accession Assistance (IPA II) and a future Union legislative act relating to the establishment of a European Neighbourhood Instrument.

**▼ M2**

3. Féadfaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha, nó tíortha atá mar chuid de Bheartas Comharsanachta na hEorpa oibriú i gcomhair le chéile ar ghníomhaíochta a thagann faoin Sásra Aontais i gcás ina gceadaítear sin leis na comhaontuithe ábhartha déthaobhacha nó ilthaobhacha idir na heagraíochtaí sin nó na tíortha sin agus an tAontas.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

**▼ B***Article 29***Competent authorities**

For the purposes of applying this Decision, Member States shall appoint the competent authorities and inform the Commission accordingly.

**▼ M2***Airteagal 30***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

**▼ M3**

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(6) agus sa dara fómhír d’Airteagal 21(3) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2027.

---

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19(6) agus sa dara fómhír d’Airteagal 21(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

**▼ M2**

5. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

6. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

**▼ M3**

7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19(6) nó de bhun an dara fómhír d’Airteagal 21(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

**▼ B***Article 31***Urgency procedure**

1. Delegated acts adopted under this Article shall enter into force without delay and shall apply as long as no objection is expressed in accordance with paragraph 2. The notification of a delegated act to the European Parliament and to the Council shall state the reasons for the use of the urgency procedure.

**▼B**

2. Either the European Parliament or the Council may object to a delegated act in accordance with the procedure referred to in Article 30(5). In such a case, the Commission shall repeal the act without delay following the notification of the decision to object by the European Parliament or by the Council.

*Article 32***Implementing acts**

1. The Commission shall adopt implementing acts on the following matters:

- (a) the interaction of the ERCC with Member States' contact points, as provided for in point (b) of Article 8, Article 15(3) and point (a) of Article 16(3); and the operational procedures for the response to disasters within the Union, as provided for in Article 15, as well as outside the Union, as provided for in Article 16, including identification of relevant international organisations;
- (b) the components of CECIS as well as the organisation of information sharing through CECIS, as provided for in point (b) of Article 8;
- (c) the process for deploying expert teams, as provided for in Article 17;
- (d) the identification of modules, other response capacities and experts as provided for in Article 9(1);
- (e) the operational requirements for the functioning and interoperability of modules, as provided for in Article 9(2), including their tasks, capacities, main components, self-sufficiency and deployment;
- (f) the capacity goals, the quality and interoperability requirements and the certification and registration procedure necessary for the functioning of the ►**M2** *Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta* ◀, as provided for in Article 11, as well as the financial arrangements, as provided for in Article 21(2);

**▼M2**

- (g) rescEU a bhunú, a bhainistiú agus a chothabháil, dá bhforáiltear in Airteagal 12, lena n-áirítear na critéir maidir le cinntí imscartha agus le nósanna imeachta oibriúcháin chomh maith leis na costais dá dtagraítear in Airteagal 21(3);
- (h) Líonra Eolais an Aontais um Chosaint Shibhialta a bhunú agus a eagrú, dá bhforáiltear in Airteagal 13;
- (ha) na catagóirí rioscaí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór agus na hacmhainneachtaí comhfhreagracha chun iad a bhainistiú, dá dtagraítear in Airteagal 21(4);
- (hb) na critéir agus na nósanna imeachta chun tiomantas seanbhunaithe agus rannchuidiú urghnách le cosaint shibhialta an Aontais a aithint, dá dtagraítear in Airteagal 20a;

**▼ M3**

- (i) eagrú na tacaíochta le haghaidh iompar agus acmhainní lóistíochta, mar a fhoráiltear dó le hAirteagail 18 agus 23.

**▼ B**

2. Those implementing acts shall be adopted in accordance with the examination procedure referred to in Article 33(2).

*Article 33***Committee procedure**

1. The Commission shall be assisted by a committee. That committee shall be a committee within the meaning of Regulation (EU) No 182/2011.

2. Where reference is made to this paragraph, Article 5 of Regulation (EU) No 182/2011 shall apply. Where the Committee delivers no opinion, the Commission shall not adopt the draft implementing act and the third subparagraph of Article 5(4) of Regulation (EU) No 182/2011 shall apply.

**▼ M3**

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 de.

**▼ M2***Airteagal 34***Meastóireacht**

1. Déanfar faireachán rialta ar ghníomhaíochtaí a fhaigheann cúnaimh airgeadais chun a gcur chun feidhme a leanúint.

**▼ M3**

2. Gach dhá bhliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndáil le hoibríochtaí agus an dul chun cinn atá déanta faoi Airteagail 6(5) agus Airteagal 11 agus 12. Beidh faisnéis sa tuarascáil faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí, na spriocanna acmhainneachta agus bearnaí atá fós ann dá dtagraítear in Airteagal 11(2), agus bunú acmhainneachtaí rescEU á chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 12. Tabharfar forléargas sa tuarascáil freisin ar na forbairtí buiséadacha agus costais a bhaineann le hacmhainneachtaí freagartha, agus beidh measúnú inti faoina riachtanaí atá sé na hacmhainneachtaí sin a fhorbairt tuilleadh.

3. Faoin 31 Nollaig 2023 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Chinnidh seo agus déanfaidh sé teachtaireacht maidir le héifeachtacht, cost-éifeachtúlacht agus cur chun feidhme leanúnach an Chinnidh seo, go háirithe maidir le hAirteagal 6(4), acmhainneachtaí rescEU agus méid an chomhordaithe agus na sineirgí arna mbaint amach le beartais, clár agus cistí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear éigeandálaí leighis, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh tograí chun leasuithe a dhéanamh ar an gCinneadh seo ag gabháil leis an teachtaireacht sin, i gcás inarb iomchuí.

▼ **B**CHAPTER VII  
FINAL PROVISIONS▼ **M2***Airteagal 35***Forálacha idirthréimhseacha**

Go dtí an 1 Eanáir 2025, féadfar cúnamh airgeadais ón Aontas a chur ar fáil chun 75 % de na costais is gá a chumhdach chun go n-áiritheofar rochtain mhear ar acmhainneachtaí náisiúnta a chomhfhreagraíonn do na cinn a shainítear i gcomhréir le hAirteagal 12(2). Chun na críche sin, féadfaidh an Coimisiún deontais dhíreacha a dhámhachtain ar Bhallstáit gan glao ar thograí.

Ainmneofar na hacmhainneachtaí dá dtagraítear sa chéad mhír mar acmhainneachtaí rescEU go dtí deireadh na hidirthréimhse seo.

De mhaolú ar Airteagal 12(6), is é an Ballstát a chuir na hacmhainneachtaí dá dtagraítear sa chéad mhír ar fáil mar acmhainneachtaí rescEU a dhéanfaidh an cinneadh maidir le himscaradh na n-acmhainneachtaí sin. Má chuirtear cosc, i gcásanna éigeandála intíre, *force majeure* nó, go heisceachtúil, mar gheall ar chúiseanna tromchúiseacha, ar Bhallstát na hacmhainneachtaí sin a chur ar fáil do thubaiste shonrach, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún ar an eolas a luaithe is féidir trí thagairt a dhéanamh don Airteagal seo.

▼ **B***Article 36***Repeal**

Decision 2007/162/EC, Euratom and Decision 2007/779/EC, Euratom are repealed. References to the repealed Decisions shall be construed as references to this Decision and shall be read in accordance with the correlation table in Annex II to this Decision.

*Article 37***Entry into force**

This Decision shall enter into force on the day following that of its publication in the *Official Journal of the European Union*. It shall apply from 1 January 2014.

▼ **M2**


---

**▼ M3***IARSCRÍBHINN I*

Céatadán le haghaidh leithdháileadh an imchlúdaigh airgeadais do chur chun feidhme an tSásra Aontais dá dtagraítear in Airteagal 19(1a) agus na suime dá dtagraítear in Airteagal 19a don tréimhse 2021 go 2027

Cosc: 5 % +/- 4 phointe céatadán

Ullmhacht: 85 % +/- 10 bpointe céatadán

Freagairt: 10 % +/- 9 bpointe céatadán

Prionsabail

Agus an Cinneadh seo á chur chun feidhme, cuirfear san áireamh mar is cuí sprioc an Aontais maidir le rannchuidiú leis na cuspóirí aeráide foriomlána agus an uailmhian gníomhaíocht bithéagsúlachta a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais a mhéid is féidir sin a dhéanamh ag brath ar neamh-intuarthacht agus ar dhálaí sonracha na hullmhachta agus na freagartha i gcás tubaistí.



▼ M2

*IARSCRÍBHINN IA*

▼ M3

Catagóirí na gcostas incháilithe faoi mar a thagraítear dóibh in Airteagal 21(3)

▼ M2

1. Costais trealaimh
2. Costais chothabhála, lena n-áirítear costais deisiúcháin
3. Costais árachais
4. Costais oiliúna
5. Costais stórála
6. Costais chláirúcháin agus deimhniúcháin
7. Costas tomhaltán
8. Costas an phearsanra a bheidh ag teastáil chun infhaighteacht agus imscaradh acmhainneachtaí rescEU a áirithiú.



## ANNEX II

## Correlation table

Council Decision 2007/162 EC, Euratom	Council Decision 2007/779 EC, Euratom	This Decision
Article 1 (1)		—
Article 1 (2)		Article 1 (4)
Article 1 (3)		—
Article 1 (4)	Article 1(2)	Article 2 (2)
	Article 1 (1)	—
	Article 1 (2), first subparagraph	Article 1 (2)
	Article 1 (2), second subparagraph	Article 1 (5)
Article 2 (1)		Article 2 (1), point (a)
Article 2 (2)		Article 2 (1), point (b)
Article 2 (3)		Article 1 (6)
	Article 2, point (1)	—
	Article 2, point (2)	Article 13 (1), point (a)
	Article 2, point (3)	Article 20, point (b)
	Article 2, point (4)	Article 8, point (d)
	Article 2, point (5)	Article 7 and Article 8, point (a)
	Article 2, point (6)	Article 8, point (b)
	Article 2, point (7)	Article 8, point (c)
	Article 2, point (8)	Article 18 (1)
	Article 2, point (9)	Article 18 (2)
	Article 2, point (10)	Article 16 (7)
	Article 2, point (11)	—
Article 3	Article 3	Article 4
Article 4 (1)		Article 20 and Article 21
Article 4 (2), point (a)		Article 22, point (a)
Article 4 (2), point (b)		Article 22, point (b), and Article 23 (1), points (a), (b) and (c)
Article 4 (2), point (c)		Article 23 (1), point (d)
Article 4 (3)		Article 23 (2) and (4)
Article 4 (4)		Article 32 (1), point (i)
	Article 4(1)	Article 9 (1)

▼B

Council Decision 2007/162 EC, Euratom	Council Decision 2007/779 EC, Euratom	This Decision
	Article 4 (2)	Article 9 (3)
	Article 4 (3)	Article 9 (1) and (2)
	Article 4 (4)	Article 9 (4)
	Article 4 (5)	Article 9 (5)
	Article 4 (6)	Article 9 (6)
	Article 4 (7)	Article 9 (9)
	Article 4 (8)	Article 9 (7)
Article 5		Article 24
	Article 5, point (1)	Article 8, point (a)
	Article 5, point (2)	Article 8, point (b)
	Article 5, point (3)	Article 8, point (c)
	Article 5, point (4)	Article 8, point (d)
	Article 5, point (5)	Article 13 (1), point (a)
	Article 5, point (6)	—
	Article 5, point (7)	Article 13 (1), point (d)
	Article 5, point (8)	Article 13 (1), point (f)
	Article 5, point (9)	Article 18
	Article 5, point (10)	Article 8, point (e)
	Article 5, point (11)	Article 8, point (g)
Article 6 (1)		Article 25 (1)
Article 6 (2)		Article 25 (2)
Article 6 (3)		Article 25 (3), third and fourth sentences
Article 6 (4)		—
Article 6 (5)		Article 25 (3), first and second sentences
Article 6 (6)		—
	Article 6	Article 14
Article 7		Article 28 (1)
	Article 7 (1)	Article 15 (1)
	Article 7 (2)	Article 15 (3)
	Article 7 (2), point (a)	Article 15 (3), point (a)
	Article 7 (2), point (c)	Article 15 (3), point (b)
	Article 7 (2), point (b)	Article 15 (3), point (c)
	Article 7 (3), first and third sentences	Article 15 (4) and Article 16 (6)

▼B

Council Decision 2007/162 EC, Euratom	Council Decision 2007/779 EC, Euratom	This Decision
	Article 7 (4)	Article 15 (5)
	Article 7 (5)	—
	Article 7 (6)	Article 17 (3), first sentence
Article 8		Article 26
	Article 8 (1) first subparagraph	Article 16 (1)
	Article 8 (1), second subparagraph	Article 16 (2), first sentence
	Article 8 (1), third subparagraph	—
	Article 8 (1), fourth subparagraph	—
	Article 8 (2)	Article 16 (4)
	Article 8 (3)	—
	Article 8 (4), point (a)	Article 16 (3), point (a)
	Article 8 (4), point (b)	Article 16 (3), point (c)
	Article 8 (4), point (c)	Article 16 (3), point (d)
	Article 8 (4), point (d)	Article 16 (3), point (e)
	Article 8 (5)	Article 16 (8)
	Article 8 (6), first subparagraph	Article 17 (1) and Article 17 (2), point (b)
	Article 8 (6), second subparagraph	Article 17 (3), second sentence
	Article 8 (7), first subparagraph	—
	Article 8 (7), second subparagraph	Article 16 (2), second sentence
	Article 8 (7), third subparagraph	Article 16 (9)
	Article 8 (7), fourth subparagraph	Article 16 (11)
	Article 8 (7), fifth subparagraph	—
	Article 8 (8)	Article 16 (10)
	Article 8 (9), point (a)	Article 16 (12)
	Article 8 (9), point (b)	Article 16 (13)
Article 9		Article 16 (2)
	Article 9	Article 18
Article 10		Article 19 (3)

▼B

Council Decision 2007/162 EC, Euratom	Council Decision 2007/779 EC, Euratom	This Decision
	Article 10	Article 28
Article 11		—
	Article 11	Article 29
Article 12 (1)		Article 27 (1)
Article 12 (2)		—
Article 12 (3)		—
Article 12 (4)		—
Article 12 (5)		—
	Article 12 (1)	Article 32 (1), point (e)
	Article 12 (2)	Article 32 (1), point (a)
	Article 12 (3)	Article 32 (1), point (b)
	Article 12 (4)	Article 32 (1), point (c)
	Article 12 (5)	Article 32 (1), point (h)
	Article 12 (6)	Article 32 (1), point (d)
	Article 12 (7)	—
	Article 12 (8)	—
	Article 12 (9)	Article 32 (1), second part of point (a)
Article 13	Article 13	Article 33
Article 14		Article 19
Article 15	Article 14	Article 34
	Article 15	Article 36
Article 16		Article 37, second sentence
Article 17	Article 16	Article 38